Deonú agus Trasphlandú Orgán Éireann
Organ Donation Transplant Ireland

# Eolas do theaghlaigh faoi dheonú orgán

# Eolas faoin treoir seo

Tá an treoir seo dírithe ar theaghlaigh a bhféadfadh go bhfuil duine muinteartha leo oiriúnach bheith ina ndeontóir orgáin. Tuigimid gur tráth an-deacair é seo agus tá súil againn go mínítear deonú orgán go soiléir sa treoir seo. Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil, le do thoil, lenár gcomhordaitheoirí deontóirí i nDeonú agus Trasphlandú Orgán Éireann (ODTI). Tá ár sonraí teagmhála ar lch 12.

Mínítear sa treoir seo conas a dhéantar deontóir orgáin de dhuine agus an méid a tharlaíonn:

- roimh dheonú
- i rith deonú
- tar éis deonú

Tugtar saol na gcéadta duine slán nó cuirtear feabhas mór ar a saol in Éirinn gach bliain trí dheonú orgán a fháil. Tugtar an bronntanas seo a bhuíochas le flaithiúlacht as cuimse deontóirí agus a dteaghlach a smaoiníonn ar dhaoine eile ag tráth ina mbíonn siad thíos le caillteanas mór.

**Conas a dhéantar deontóir orgáin de dhuine**

Bhí formhór na n-othar a ndéantar deontóirí orgáin díobh thíos le gortú inchinne gan choinne. D'fhéadfadh an gortú seo a bheith mar gheall ar an méid seo a leanas:

- tráma fisiciúil
- cur fola san inchinn
- stróc
- easpa ocsaigine tar éis stad cairdiach

Ceanglófar an t-othar sna cásanna seo le haerálaí a dhéanann análú dóibh agus b'fhéidir go dteastóidh cógas uathu lena mbrú fola a choimeád ar ghnáthleibhéal. Is gnách go dtabharfar go hAonad Dianchúraim (ICU) iad.

Tá dhá chás ann a bhféadfadh go ndéanfaí deontóir orgáin d'othar tar éis dóibh bás a fháil:

1. Bás inchinne
2. Bás imshruthaithe

**Bás inchinne**
Is léir don fhoireann leighis, amanna, go bhfuil na gortuithe atá ar an othar chomh trom sin go bhféadfadh go bhfuil bás faighte acu cheana féin, fiú cé go leanann a gcroí ag bualadh mar gheall ar an gcúram a sholáthraíonn an ICU. Tugtar bás inchinne air seo. Ciallaíonn sé nach mbaineann aon fhuil nó ocsaigin an inchinn amach. Níl an inchinn ag feidhmiú a thuilleadh agus níl aon dóchas ann go dtiocfaidh biseach ar an othar.

Tabharfaidh beirt dochtúirí sinsearacha (ar sainchomhairleoir duine amháin díobh) faoi thástálacha leis an diagnóis i leith bás inchinne a dheimhniú. Is ionann a bheidh am an bháis agus an t-am a bheidh an dara sraith tástálacha críochnaithe.

**Bás imshruthaithe**
I roinnt cásanna, is féidir leis an bhfoireann leighis an tátal a bhaint as, in ainneoin an mhéid atá á dhéanamh acu le saol an othair a thabhairt slán, nach bhfuil ag éirí leis agus ní féidir an bás sin a sheachaint. Ní féidir leis an othar teacht slán agus ní féidir leo maireachtáil gan tacaíocht a fháil ó aerálaí agus/nó cógas.

Déantar cinneadh, i gcomhairle leis an teaghlach, le díriú an chúraim a athrú agus glacadh leis nach féidir bás a sheachaint. Cuirtear cúram maolaitheach i bhfeidhm ansin. Is éard a bhíonn i gceist leis seo de ghnáth:

- an t-othar a dhícheangal ón aerálaí
- an feadán análaithe a bhaint
- bearta a sholáthar go bhfaigheann an t-othar bás maorga agus compordach

Déantar cinntí faoi bhás inchinne a dheimhniú nó an cinneadh tús a chur le cúram maolaitheach ar leith ó bhreithnithe faoi dheonú orgán. Ní luafar rogha an deonaithe orgán ach nuair a bhíonn teaghlach réidh le machnamh a dhéanamh air.

# Roimh dheonú

**Atreorú go dtí an ODTI**

Más mian leat féin agus do theaghlach machnamh a dhéanamh ar dheonú orgán do do dhuine muinteartha, beidh foireann an Aonaid Dianchúraim (an ICU) in ann do cheisteanna a fhreagairt. Oibríonn altraspeisialtóirí in ICUanna ar a dtugtar Altraí Bainisteora Deontóirí Orgán (ODNManna) agus is féidir leo casadh leat agus aon cheisteanna a fhreagairt.

Is féidir leat labhairt chomh maith le duine dár bhfoireann comhordaitheoirí deontóirí. Is féidir leo casadh leat agus le do theaghlach leis an bpróiseas agus conas a d'fhéadfadh deonú do dhuine mhuinteartha saol go leor daoine a thabhairt slán a mhíniú. Bíonn na comhordaitheoirí deontóirí ar fáil ar bhonn 24/7 d'aon cheisteanna.

**Cén orgáin agus fíochán is féidir a dheonú?**

- Croí
- Scamhóga
- Ae
- Paincréas
- Duáin
- Comhlaí agus fíocháin chroí
- Fuileadáin

Tarlaíonn roinnt rudaí i ndiaidh go n-aontaíonn tú le deonú orgán agus tugtar cuntas orthu seo ar an gcéad leathanach eile.

**Stair shaoil agus leighis**

- Iarrfaidh foireann an ICU ort nó ar do theaghlach eolas a thabhairt faoi stair shaoil agus leighis do dhuine mhuinteartha.

- Déanfaidh foireann an ICU teagmháil ansin lenár gcomhordaitheoirí deontóirí. Úsáideann an comhordaitheoir deontóirí seo an t-eolas seo nuair a dhéantar teagmháil le hionaid trasphlandaithe leis an duine ceart a aimsiú le horgáin do dhuine mhuinteartha a fháil.

**Tástálacha fola**
Glacfaidh foireann an ICU roinnt fola ó do dhuine muinteartha agus seolfaidh siad é seo chuig dhá shaotharlann le tástáil a dhéanamh air. I measc na dtástálacha seo, tá faighteoirí orgáin a mheaitseáil agus aon víris atá san fhuil a chuardach. Glacann na tástálacha cúpla uair an chloig agus caithfear iad a dhéanamh sular féidir deonú orgán a dhéanamh.

**Casadh le do chomhordaitheoir deontóirí**
Casfaidh tú féin agus do theaghlach le comhordaitheoir deontóirí. Míneoidh an comhordaitheoir deontóirí próiseas an deonaithe orgán, freagróidh siad aon cheisteanna agus cabhróidh siad leat na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- ceistneoir sláinte agus stíl mhaireachtála a fhreagairt
- foirm thoilithe a líonadh

Caithfidh **an duine muinteartha ainmnithe** iad seo a líonadh. Ba cheart gurbh é an duine a bhfuil an t-eolas is mó acu faoi do dhuine muinteartha, an duine muinteartha ainmnithe.

Teastaíonn stair iomlán leighis agus shóisialta lena chinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach ag an gcomhordaitheoir deontóirí lena cheadú d’ionaid trasphlandaithe cinntí feasacha a dhéanamh faoi oiriúnacht orgán do thrasphlandú.

**Cuimhneacháin agus cruinniú leantach**
Fiafróidh an comhordaitheoir deontóirí díot ar mhaith leat cuimhneachán a choimeád, cosúil le píosa gruaige nó lorg láimhe ó do dhuine muinteartha. Pléifimid freisin comhfhreagras féideartha anaithnid idir faighteoirí orgáin agus tú féin agus do theaghlach amach anseo.

Tabharfar uimhir theagmhála duit i rith an chruinnithe seo, áit ar féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir deontóirí nó foireann an ODTI, más gá.

**An Cróinéir agus scrúdú iarbháis (uatóipse)**
B'fhéidir go mbeidh bás tobann nó gan choinne le tabhairt le fios don chróinéir, faoi roinnt cúinsí. Déantar seo gan aird ar dheonú orgán. Oifigeach atá sa chróinéir a imscrúdaíonn básanna. B'fhéidir gur phléigh foireann an Aonaid he Dianchúraim (an ICU) an fhéidearthacht seo leat. Déanfaidh an cróinéir an cinneadh faoi cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn scrúdú iarbháis a dhéanamh ar do dhuine muinteartha.

Más gá scrúdú iarbháis a dhéanamh, b'fhéidir go mbeidh ar dhuine muinteartha tabhairt faoi aithint fhoirmiúil an Gharda Síochána san ICU.

Má dhéanann an cróinéir an cinneadh gur gá scrúdú iarbháis a dhéanamh ar do dhuine muinteartha, d'fhéadfadh seo moill a chur ar chorp do dhuine mhuinteartha a fháil ón ospidéal. Níor cheart go gcuirfeadh sé moill ar dheonú orgán, áfach.

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin gcróinéir nó faoin scrúdú iarbháis, cuir na ceisteanna siúd ar fhoireann an ICU, le do thoil.

## I rith deonú

**Oibríocht an deonaithe orgán**

A luaithe a glacadh le horgán d'othar trasphlandaithe, iarrfar ar shainfhoireann máinliachta trasphlandaithe taisteal chuig an ospidéal chun tabhairt faoin obráid. Rachaidh siad go díreach go dtí an obrádlann agus ní dhéanfaidh siad teagmháil ar bith le do teaghlach ná le do dhuine muinteartha go dtí go n-aistrítear do dhuine muinteartha chuig an obrádlann don obráid.

Is féidir leis an obráid cúpla uair an chloig a ghlacadh. Tugann sainfhoireann trasphlandaithe ó na hionaid éagsúla trasphlandaithe faoi:

- Ospidéal an Mater Misericordiae do thrasphlandú croí agus scamhóige
- Ospidéal Naomh Uinseann do thrasphlandú ae agus paincréis
- Ospidéal Beaumont do thrasphlandú duáin

Mura féidir aon fhaighteoir oiriúnach deontóra a shainaithint, amanna, is féidir orgáin a chur ar tairiscint d'ionaid trasphlandaithe sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip.

Déanfaidh na máinlianna an cinneadh i rith na hobráide cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na horgáin oiriúnach do thrasphlandú. Mura bhfuil orgán oiriúnach do thrasphlandú, ní bhainfear é ó do dhuine muinteartha.

Ní bhainfidh (ní ghlacfaidh) na máinlianna ach orgáin ar thug tú toiliú dá ndeonú. Tarlaíonn sé, amanna, go mb'fhéidir go mbíonn an dealramh air níos déanaí nach bhfuil orgán mí-oiriúnach do dheonú, agus más amhlaidh an cás, pléifimid na roghanna leat i rith chruinniú an teaghlaigh. Beidh an comhordaitheoir deontóirí taobh le do dhuine muinteartha ó thús go deireadh na máinliachta.

Iompróidh an fhoireann trasphlandaithe an t-orgán tar éis na hobráide chuig an ospidéal a luaithe agus is féidir, áit a mbeidh faighteoir an deonaithe á ullmhú dá n-obráid.

# Tar éis deonú

**Cad a tharlaíonn le mo dhuine muinteartha tar éis na hobráide?**
Leanfaidh an comhordaitheoir deontóirí agus foireann na hobrádlainne le haire le meas agus dínit a thabhairt do do dhuine muinteartha tar éis na hobráide. Aistreofar ansin iad go dtí marbhlann an ospidéil agus coimeádfar a gcorp ansin sula scaoilfear leis don teaghlach don tsochraid. Faoi mar a luadh roimhe seo, ní chuirfidh deonú orgán moill ar shochraid, ach d'fhéadfadh scrúdú iarbháis.

**An ndéanann deonú orgán difear don tsochraid?**
Ba cheart don tsochraid titim amach faoi mar is gnách. Déan teagmháil le d'adhlacóir, a dhéanfaidh teagmháil le marbhlann an ospidéil agus a chabhróidh leat agus le do theaghlach maidir le socruithe na sochraide.

**An ndéarfar liom cibé acu ar éirigh nó nár éirigh leis an deonú?**
Déarfar. Cuirfidh an comhordaitheoir deontóirí glaoch ort nuair a bheidh sé oiriúnach duit le toradh an deonaithe agus an trasphlandaithe a thabhairt le fios duit, **murach** gur iarr tú orthu gan teagmháil a dhéanamh leat. Freagróidh siad aon cheisteanna a bhíonn agat.

**Cé mhéid eolais a gheobhaidh mé faoi aon fhaighteoir?**
Is féidir orgáin do dhuine mhuinteartha a úsáid le saol go leor faighteoirí a thabhairt slán, ach ní bhfaighidh tú ach eolas teoranta. Déantar seo le neamhainmníocht an deontóra, theaghlach an deontóra agus na bhfaighteoirí transphlandaithe a chosaint. Tugann deonú orgán saol na gcéadta duine slán gach bliain, agus lena chinntiú go leantar ag tacú leis, caithfidh seirbhís gan ainm a bheith i gceist léi.

**An mbeidh fios ag an bhfaighteoir cé mé féin?**
Ní bheidh. Ní thugaimid aon eolas don fhaighteoir a d'fhéadfadh thú nó do dhuine muinteartha a shainaithint, ach is féidir inscne do dhuine mhuinteartha a chur in iúl dóibh.

**An scríobhfaidh an faighteoir chugam nó chuig mo theaghlach?**
Is mian le faighteoirí scríobh chuig teaghlach an deontóra, amanna, le buíochas a ghabháil leo as an orgán nua a bronnadh orthu. Scríobhann roinnt faighteoirí go luath i ndiaidh an deonaithe – glacann sé tamall fada ar dhaoine eile agus d'fhéadfadh nach scríobhfaidh roinnt díobh riamh. Is éagsúil a bhíonn sé mar gheall go bhféadfadh go mbíonn deacrachtaí ag go leor díobh an bealach is fearr lena mbuíochas a chur in iúl a thaispeáint.

Fiafraímid díot ag tráth an deonaithe ar mhaith leat litreacha a fháil ó fhaighteoirí. Is eol dúinn go bhféadfadh aontú leis seo ar lá an deonaithe a bheith an-deacair, ach cuirtear in iúl duit gur féidir leat do chinneadh a athrú ag aon tráth. Má dúirt tú gur mhaith leat litreacha a fháil, seolfar na litreacha seo chuig na comhordaitheoir deontóirí go ndéanfaidh siad athbhreithniú orthu sula bhfaighidh tú iad.

**Cad a tharlaíonn má sheoltar litir dom chuig an ODTI?**
Déanfaidh na comhordaitheoir deontóirí athbhreithniú ar an litir lena chinntiú **nár** thug na faighteoirí eolas a dhéanfadh iad a shainaithint. Ní bheidh seoladh, uimhir ghutháin ná grianghraf an fhaighteora le sonrú riamh ar aon litreacha a fhaigheann tú.

Sula bhfaigheann tú do **chéad** litir, cuirfidh comhordaitheoir deontóirí glaoch ort lena dheimhniú gur mhaith leat litreacha a fháil go fóill. Má aontaíonn tú, seolfaidh an comhordaitheoir deontóirí aon litreacha ón bhfaighteoir chugat sa phost cláraithe.

Leanfaimid le hathbhreithniú a dhéanamh ar na litreacha go léir sula seolfar iad chugat lena chinntiú nach luaitear aon ainm orthu. Más mian leat stopadh le litreacha a fháil, cuir ar an eolas sinn, le do thoil.

**Cuir i gcás go ceapaim go bhfuil sé róluath le litir a fháil?**
Is féidir linn aon litreacha nó cártaí a choimeád inár n-oifig go dtí go mbraitheann tú go bhfuil tú réidh le hiad a fháil. Mura mian leat féin nó do theaghlach iad a fháil a thuilleadh, ní sheolfaimid chugat iad agus coimeádfar iad san ODTI.

**Conas is féidir liom freagra a sheoladh chuig faighteoir?**
Úsáideann an ODTI an próiseas céanna chun cabhrú leat litir a sheoladh a úsáideann sé d'fhaighteoirí a sheolann litreacha. Iarraimid ort, ar an mbealach seo, gan eolas a chur san áireamh ar féidir leis thú nó do dhuine muinteartha a shainaithint.

Nuair a bhíonn do litir á seoladh agat, tá ort dhá rud a chur sa chlúdach litreach:

1. **Do litir nó do chárta i gclúdach litreach neamhshéalaithe.**
   Ná séalaigh é mar gheall go ndéanfaidh an comhordaitheoir deontóirí athbhreithniú air.

2. **Píosa páipéir ar leith ar a bhfuil:**
   - d'ainm iomlán
   - ainm do dhuine mhuinteartha
   - dáta an deonaithe

Cuir an dá rud sa chlúdach litreach neamhshéalaithe agus cuir an píosa páipéir ar a bhfuil d'eolas isteach i gclúdach litreach ar a bhfuil seoladh agus seol chugainn é ag:
**Comhordaitheoirí Deontóirí**
**An ODTI**
**Urlár na Talún**
**Ionad Gnó Bridgewater**
**Bóthar Conyngham**
**Droichead na hInse**
**Baile Átha Cliath 8**
**D08T9NH**

Cinnteoidh na comhordaitheoirí deontóirí san ODTI arís eile nach bhfuil aon eolas i do litir a dhéanfaidh thú a shainaithint. Seolfaimid ansin é chuig na hionaid trasphlandaithe chun gur féidir leo é a thabhairt don fhaighteoir.

**Cuir i gcás nach eol dom cad ba cheart a scríobh?**
Is féidir le duine dár gcomhordaitheoirí deontóirí comhairle agus tacaíocht a thabhairt duit má theastaíonn cabhair uait leis an méid is mian leat a rá a scríobh. B'fhéidir gur mian leat céadainm do dhuine mhuinteartha agus an caitheamh aimsire agus an stíl mhaireachtála a bhí acu a chur san áireamh.

Iarraimid ort **gan** an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh sna litreacha:

- cúis an bháis
- áit nó dáta an bháis
- grianghraif
- seoltaí
- uimhreacha gutháin
- sonraí teagmhála eile

**An féidir liom eolas a chur san áireamh faoin deonú ar na meáin shóisialta?**
Úsáideann go leor grúpaí tacaíochta othar agus eagraíochtaí deonacha na meáin shóisialta chun tacú le deonú orgán.
Iarraimid ort **gan** eolas íogair a chur in airde ar na meáin shóisialta, áfach, cosúil le:

- sonraí faoi dheonú do dhuine mhuinteartha
- litreacha ón bhfaighteoir
- cumarsáid ón ODTI

**Conas is féidir liom feasacht faoi dheonú orgán a mhúscailt?**
Is mian le roinnt teaghlach feasacht a mhúscailt ar dheonú orgán, agus is féidir leat seo a dhéanamh gan eolas íogair a chur in airde ar na meáin shóisialta. Más mian leat feasacht a mhúscailt ar dheonú orgán, déan teagmháil linn, le do thoil.

**Déan teagmháil linn chun teacht ar eolas breise**

Má theastaíonn cúnamh nó eolas breise uait ar aon rud atá sa treoir seo, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh linn ag oifig an ODTI:

01 878 8388

nops@hse.ie

Deonú agus Trasphlandú Orgán Éireann
Organ Donation Transplant Ireland

# Ráiteas Misin

Oibríonn an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair Orgán ar bhealach atruach agus díograiseach le deonú orgán a dhéanamh indéanta.

Táimid tiomanta d'fheasacht agus tuiscint ar dheonú orgán a mhéadú i measc gairmithe cúraim sláinte agus an phobail i gcoitinne.

Cuirimid eolas ar fáil le meas agus le híogaireacht do dhaoine aonair agus dá dteaghlaigh le cinntí feasacha a dhéanamh faoi dheonú.

**An ODTI**
**Urlár na Talún**
**Ionad Gnó Bridgewater**
**Bóthar Conyngham**
**Droichead na hInse**
**Baile Átha Cliath 8**
**D08T9NH**

odti
Deonú agus Trasphlandú Orgán Éireann
Organ Donation Transplant Ireland

Plain English
Approved by NALA